# Department of Education ICT Grant 2023/2024

## 1. Introduction

The Department of Education has announced the next tranche of the ICT grant for the school year 2023/2024. See Circular 0039/2024 for full details.

## 2. Funding allocation for the 2023/2024 school year

- All schools receive a lump sum of €2,000 and
- €39.73 per student on the rolls on the 30th September 2022 in mainstream primary schools
- €47.67 per special needs student on the rolls on the 30th September 2022 in special schools or special classes attached to mainstream schools.
- €43.70 per student on the rolls on the 30th September 2022 in DEIS category primary schools.

## 3. Utilisation of funds

Each school must have a Digital Learning Plan, based on a whole school approach and taking account of its context and circumstances. This plan should be reviewed and updated at least annually. Schools can prioritise spending plans for this grant, as required.

**Equipment and Infrastructure that may be purchased under the ICT Grants Scheme is detailed in Circular 0039/2024.**

## 4. Tender procedures and record keeping

- All purchases must be in compliance with Public Procurement Procedures. Existing ICT purchasing frameworks should be engaged with and taken advantage of as they simplify the process of purchasing ICT equipment for schools. Schools should contact the Schools Procurement Unit for further information and support as required at www.spu.ie.
- A file containing evidence of the tendering and quotation procedures followed must be retained.

- All expenditure in connection with these schemes must be vouched and schools must be able to prove that expenditure was used as allowed under the scheme.
- It is necessary for schools to keep details of quotations received, invoices, receipts and any other relevant records in respect of all expenditure for a period of seven years.
- All equipment should remain the property of the school and where devices are provided to a learner, this should be governed by a loan arrangement agreed between the school and parent/guardian. This agreement should include arrangements for the return of any such equipment when no longer required by the learner. These agreements must be approved by the board.
- Where devices are loaned for use outside of the school property, this must be approved by the board of management.

**5. Accounting for ICT Grants**

The income and associated expenditure should be recorded appropriately in the school's accounts.
The nominal codes used to record receipt of the ICT grant and related ICT expenditure are as follows:

| Type | Nominal Code | Description |
|---|---|---|
| ICT Grant Receipt | 3230 | ICT Grant non-capital Income |
| ICT Expense | 4410 | ICT Grant non-capital expense |

At year end, the accountant, in conjunction with the board, will determine what items purchased are capital in nature and will reclassify accordingly.

Similar to other ring-fenced grants, the ICT grant is also a ring-fenced grant and the unspent balance at the year-end must be reconciled and details given to external accountant for reporting in the annual accounts.

**6. Reference and Queries**

This guideline is based on Circular 0039/2024. Queries in relation to the operation of this grant should be addressed to ictpolicy@education.gov.ie.

Tel: 01-910 4020
primary@fssu.ie

*22nd April 2024*

# Deontas TFC na Roinne Oideachais 2023/2024

**1. Réamhrá**

Tá an chéad tráinse eile den deontas TFC don scoilbhliain 2023/2024 fógartha ag an Roinn Oideachais. Féach Ciorclán 0039/2024 le haghaidh na sonraí iomlána.

**2. Leithdháileadh cistithe don scoilbhliain 2023/2024**

- Faigheann gach scoil cnapshuim €2,000
- €39.73 in aghaidh gach dalta a bhí ar na rollaí i mbunscoileanna príomhshrutha ar an 30 Meán Fómhair 2022
- €47.67 in aghaidh gach dalta faoi riachtanais speisialta a bhí ar na rollaí ar an 30 Meán Fómhair 2022 i scoileanna speisialta nó i ranganna speisialta atá ceangailte le scoileanna príomhshrutha.
- €43.70 in aghaidh gach dalta a bhí ar na rollaí ar an 30 Meán Fómhair 2022 i mbunscoileanna sa chatagóir DEIS.

**3. Úsáid an chistithe**

Caithfidh Plean Foghlama Digiteach a bheith ag gach scoil, bunaithe ar chur chuige scoile uile agus a chomhthéacs agus a chúinsí á gcur san áireamh. Ba cheart an plean seo a athbhreithniú agus a thabhairt suas chun dáta uair sa bhliain ar a laghad. Is féidir le scoileanna tosaíocht a thabhairt do phleananna caiteachais ar leith i dtaca leis an deontas seo, de réir mar is gá.

**Tá treoir maidir leis an Trealamh agus an mBonneagar is féidir a cheannach faoin Scéim Deontais TFC le fáil i gCiorclán 0039/2024.**

**4. Nósanna Imeachta tairisceana agus coimeád taifead**

- Ní mór do gach ceannachán cloí leis na Nósanna Imeachta Soláthair Phoiblí. Ba cheart idir úsáid agus leas a bhaint as creataí ceannaithe TFC atá ann cheana toisc go ndéanann siad an próiseas ceannaithe trealaimh TFC i bhfad níos simplí do scoileanna. De réir mar is gá, ba cheart do scoileanna dul i dteagmháil leis an Aonad Soláthair do Scoileanna ag www.spu.ie chun tuilleadh eolais agus tacaíochta a fháil.

- Ní mór comhad a choinneáil mar fhianaise de na nósanna imeachta tairisceana agus na luachana a leanadh.
- Ní mór gach caiteachas a bhaineann leis na scéimeanna seo a dheimhniú agus ní mór do scoileanna a bheith in ann a chruthú gur úsáideadh an caiteachas ar shlite atá ceadaithe faoin scéim.
- Caithfidh scoileanna sonraí a choinneáil de na luachana a fuarthas, na sonraisc, na hadmhálacha agus d’aon taifid ábhartha eile a bhaineann leis an gcaiteachas ar feadh tréimhse seacht mbliana.
- Ba cheart go bhfanfadh an trealamh ar fad faoi úinéireacht na scoile agus sa chás go gcuirtear gléasanna ar fáil d’fhoghlaimeoir, ba cheart é seo a rialú trí chomhaontú iasachta a dhéanamh idir an scoil agus tuismitheoir/caomhnóir. Ba chóir go mbeadh socruithe leagtha amach sa chomhaontú seo chun trealamh a thabhairt ar ais nuair nach dteastaíonn ón bhfoghlaimeoir. Caithfidh an bord na comhaontuithe seo a cheadú.
- Sa chás go dtugtar gléasanna ar iasacht le húsáid lasmuigh den scoil, ní mór don bhord bainistíochta é seo a cheadú.

## 5. Cuntasaíocht a dhéanamh do Dheontais TFC

Ba cheart an t-ioncam agus an caiteachas gaolmhara a thaifeadadh mar is cuí i gcuntais na scoile.
Seo a leanas na cóid ainmniúla a úsáidtear chun an ioncam agus caiteachas deontais a thaifeadadh, nuair a chaitear ar mhíreanna caipitiúla iad:

| Cineál | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|
| Admháil Deontais TFC | 3230 | Ioncam neamh-chaipitiúil ó Dheontas TFC |
| Costas TFC | 4410 | Costas neamh-chaipitiúil ó Dheontas TFC |

Ba cheart do na scoileanna liosta de gach caiteachas cáilitheach a chur ar fáil don chuntasóir seachtrach ionas gur féidir an caiteachas sin a aicmiú idir míreanna caipitiúla agus míreanna neamh-chaipitiúla sna cuntais deireadh bliana.
Amhail deontais imfhálaithe eile, is deontas imfhálaithe é an deontas TFC freisin agus ní mór an t-iarmhéid nár caitheadh ag deireadh na bliana a réiteach agus na sonraí a thabhairt don chuntasóir seachtrach lena dtuairisciú sna cuntais bhliantúla.

## 6. Tagairt agus Ceisteanna

Tá an treoirlíne seo bunaithe ar Chiorclán 0039/2024. Ba cheart ceisteanna maidir le feidhmiú an deontais seo a sheoladh chuig ictpolicy@education.gov.ie.

Guthán: 01-910 4020
primary@fssu.ie
*An 23 Aibreán 2024*